

Meabhrán Tuisceana

An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil

agus

An Bord Pleanála

Is é cuspóir an Mheabhráin Tuisceana (MT) seo creat a leagan amach trína gcomhordófar réimsí freagrachta frithpháirtí agus comhleasa idir an GCC agus ABP, go háirithe i dtaca le forálacha áirithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe), san Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (leasaithe), san Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (leasaithe), sna Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 (leasaithe) agus i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 ar Threoirlínte um Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach.

Síniú:

Síniú:

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir
An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil

Mary Kelly
Cathaoirleach
An Bord Pleanála

Dáta

Dáta

[Samhain, 2017]

1. Réamhrá

1.1 Cúlra

Sanntar faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) (an tAcht Pleanála), feidhmeanna éagsúla don Bhord Pleanála (ABP) lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh in achomhairc in aghaidh cinntí de chuid údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt agus in iarratais ar chead/cheadú le haghaidh Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS), cuid acu ar gá ceadúnas nó deimhniú oibríochta ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC) maidir leo. Ina theannta sin, is é ABP an t-údarás inniúil ainmnithe le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn¹.

Sanntar an fheidhm cheadúnúcháin maidir le cineálacha áirithe gníomhaíochtaí nó saoráidí don GCC faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil 1992 (leasaithe) (Acht GCC), agus faoin Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996 (leasaithe) (Acht BD). Foráiltear, leis, sna Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007, (leasaithe), (Rialacháin RDFÚ) le haghaidh feidhmeanna ceadúnúcháin agus údaraithe agus tá siad ábhartha maidir le feidhmeanna an dá chomhlachta.

Ceanglaíonn an tAcht Pleanála agus Rialacháin RDFÚ ar ABP a chur san áireamh, agus achomharc nó iarratas á chinneadh, gur feidhm de chuid an GCC é rialú astaíochtaí ó ghníomhaíocht dá n-éilítear ceadúnas GCC le haghaidh

- Rialú Comhtháite ar Thruailliú (RCT),
- Astaíochtaí Tionscail (AT),
- Dramhaíl, nó
- Ceadúnas um dhoirteadh fuíolluisce cathartha/Deimhniú Údaraithe, le haghaidh ceirtléanú arna oibriú ag *Uisce Éireann*.

Is é ról ABP mar Údarás Inniúil sa phróiseas um dheonú ceada i gcás Tionscadal Leasa Choitinn (TLC) comhthiomsú agus comhordú a dhéanamh ar eisiúint na gcinntí difriúla uile is gá ó gach údarás ábhartha laistigh de na teorannuithe ama ar leith. Ról mar mheasúnóir neamhspleách a bheidh i ról reachtúil pleanála ABP, faoi mar ab amhlaidh roimhe seo, maidir le haon iarratas a thaisctear leis a chinneadh.

Is féidir go mba ghá teagmháil, dá bharr sin, idir ABP, mar an tÚdarás Inniúil maidir le TLC, agus an GCC. Beidh an teagmháil sin sa bhreis ar an teagmháil a d'fhéadfadh a bheith ann idir ABP agus an GCC maidir le feidhmeanna reachtúla pleanála agus ceadúnúcháin an dá eagraíochta.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 17 Aibreán 2013 ar Threoirlínte um Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh.

1.2 Feidhmeanna an GCC agus an Bhoird Phleanála

An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil

Is comhlacht poiblí neamhspleách é an GCC, a bunaíodh faoin Acht GCC agus tá cúraimí air maidir le raon leathan gníomhaíochtaí ceadúnúcháin, forghníomhúcháin, taighde, monatóireachta agus measúnaithe i dtaca le cosaint comhshaoil.

Faoin Acht GCC is ar an GCC a leagtar an príomhchúram as cosaint an chomhshaoil agus ar rialú an truaillithe sa Stát ó gníomhaíochtaí áirithe incheadúnaithe. Faoin Acht BD leagtar an príomhchúram céanna ar an GCC as gníomhaíocht bainistithe dramhaíola ag saoráidí incheadúnaithe. Coisctear ABP ó choinníollacha a fhorchur agus cead/ceadú á dheonú ar mhaithe le hastaíochtaí ó oibriú gníomhaíochta a éilíonn Ceadúnas Rialaithe Comhtháite ar Thruailliú (RCT), Astaíochtaí Tionsclaíocha (AT) nó Dramhaíola, a rialú.

Éilíonn Rialacháin RDFÚ go ndéanfadh Uisce Éireann iarratas ar cheadúnas nó ar Dheimhniú Údaraithe chuig an GCC maidir le doirteadh isteach in uiscí glactha óna n-ionad cathartha fuíolluisce (an céirtléanú). I gcás ina ndéonaítear ceadúnas nó deimhniú dá shórt, coisctear ABP ó choinníollacha a fhorchur ar mhaithe le doirteadh ón ionad fuíolluisce a rialú. I gcás ina n-éilítear ceadúnas nó deimhniú ach nár deonaíodh fós é, féadfaidh ABP coinníollacha a fhorchur ar mhaithe leis an doirteadh ón ionad fuíolluisce a rialú, ach ní bheidh éifeacht níos mó leis na coinníollacha sin ón uair a dheonaítear ceadúnas nó deimhniú an GCC.

Éilíonn Alt 83 den Acht GCC agus Alt 40 den Acht um BD go ndéanfadh an GCC measúnú tionchair timpeallachta (MTT) i dtaca le hiarratais áirithe ar cheadúnas RCT, IE nó ceadúnas dramhaíola. I gcás inar cinneadh iarratas pleanála maidir leis an ngníomhaíocht bheartaithe (cinneadh déanta), nó ina bhfuil sé faoi bhreithniú ag ABP, agus gur cuireadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) chuig an GCC, ní mór don Ghníomhaireacht é sin a chur in iúl do ABP agus tuairimí ABP ar an iarratas ar cheadúnas a lorg. Ní mór do ABP an t-iarratas sin a fhreagairt. Ceanglaítear ar an GCC aon tuairim a chuireann ABP ar fáil a bhreithniú sula dtugann sé fógra maidir leis an gcinneadh a bheartaíonn sé a dhéanamh ar an iarratas ar cheadúnas. In aon chor, ní ceadmhach don GCC a chinneadh ar iarratas a cuireadh chuige ar cheadúnas nó ar cheadúnas athmheasta a eisiúint i gcás ina bhfuil iarratas pleanála ábhartha faoi bhreithniú fós ag údarás pleanála nó ag ABP. Gheofar na forálacha reachtúla agus aontaithe le haghaidh tuairimí agus comhairliúcháin idir an dá chomhlacht leagtha amach in Aguisín 1.

An Bord Pleanála

Bunaíodh ABP i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus is air atá an cúram as achomhairc a chinneadh agus as gnóthaí eile faoin Acht Pleanála agus as iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórthograí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá sé freagrach, leis, as déileáil le tograí ó údaráis áitiúla agus údaráis eile maidir le talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag ABP chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce, na hAchtanna um Thruailliú Aeir agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, a chinneadh.

Is ar ABP atá an príomhchúram as pleanáil spásúil/talamhúsáide agus maidir le gnóthaí ginearálta comhshaoil. Foráiltear san Acht GCC agus san Acht BD gur ceadmhach don ABP, d'ainneoin gur deonaíodh ceadúnas nó ceadúnas athmheasta, nó gur gá ceadúnas nó ceadúnas athmheasta faoi aon cheann de na hAchtanna, cead/ceadú a dhiúltú le haghaidh forbairt a éilíonn ceadúnas RCT, IE nó ceadúnas dramhaíola, i gcás ina measann sé go bhfuil an fhorbairt neamh-inghlactha ar fhorais chomhshaoil. Ar an tslí chéanna, féadfaidh ABP cead/ceadú pleanála a dhiúltú nó scála forbartha a theorannú i gcás ina measann sé go mbeadh doirteadh fuíolluisce ina chúis le sáruithe ar an *gcomhchur chuige*² nó go ngéaródh sé sáruithe dá sórt nó go mbeadh sé ina chúis ar shlí eile le truailliú mórchúiseach uisce.

Féadfaidh ABP tuairimí/dearcaí an GCC a lorg i dtaca le forbairt bheartaithe i gcás ina mbeidh gníomhaíocht incheadúnaithe faoin Acht GCC nó faoin Acht BD i gceist in iarratas atá faoi bhráid ABP, cibé i bhfoirm achomhairc nó i bhfoirm iarratas díreach ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, maidir leis an tionchar is dócha a bheidh ag forbairt bheartaithe ar dhoirteadh fuíolluisce, arna rialú faoi na Rialacháin RDFÚ. Agus a chinneadh á dhéanamh aige, féachfaidh ABP do na tuairimí atá faighte aige ón GCC. Féadfaidh ABP dul i gcomhairle, freisin, leis an GCC ag an gcéim chomhairliúcháin réamhiarratais i gcás tograí ábhartha le haghaidh forbairt bonneagair straitéisigh.

Éilíonn Alt 172 den Acht Pleanála 2000 go ndéanfaidh údarás pleanála nó ABP, faoi mar a bheadh, MTT i dtaca le hiarratais áirithe ar thoiliú le haghaidh forbairt bheartaithe. Is é an coinníoll atá sa reachtaíocht phleanála go n-éilítear measúnú faoi Airteagal 3 den Treoir um Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT), lena n-áirítear breithniú ar idirghníomhú na dtosca uile, a bheith curtha i gcrích ag an údarás pleanála, nó ag ABP, faoi mar a bheadh.

Ní mór do ABP tuairimí/dearcaí an GCC a lorg i dtaca le forbairt bheartaithe i gcás ina mbeidh gníomhaíocht incheadúnaithe faoin Acht GCC nó faoin Acht BD i gceist in iarratas atá faoi bhráid ABP, cibé i bhfoirm achomhairc nó i bhfoirm iarratas díreach, agus go bhfuil RTT ag gabháil leis. Ní mór don GCC an t-iarratas sin a fhreagairt. Féachfaidh ABP do na tuairimí atá faighte aige ón GCC. Gheofar na forálacha reachtúla agus aontaithe le haghaidh tuairimí agus comhairliúcháin idir an dá chomhlacht leagtha amach in Aguisín 1.

² Sainmhíniú sna Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 (leasaithe).

Is é ABP an tÚdarás Inniúil ainmnithe maidir le ceadanna a dheonú le haghaidh Tionscadal Leasa Choitinn (TLC), a ainmnítear amhlaidh faoi fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le Treoirlínte le haghaidh Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach. Mar an tÚdarás Inniúil, tá cúram ar ABP as cinneadh cuimsitheach a dhéanamh agus an cead a dheonú laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear sa Rialachán.

Roghnaigh Stát na hÉireann an 'cur chuige comhoibritheach' atá leagtha amach sa Rialachán a ghlacadh mar an mheicníocht le haghaidh eisiúint an chinnidh chuimsithigh.

D'fhoilsigh ABP Lámhleabhar de na Nósanna Imeachta um Dheonú Ceada i mBealtaine 2014 agus gheofar é le híoslódáil ar a shuíomh Gréasáin. Bunaíodh an lámhleabhar ar an fhaisnéis a chuir an GCC ar fáil agus leagtar amach ann rólanna agus feidhmeanna an dá eagraíochta sa phróiseas TLC. Féadfar an lámhleabhar a athbhreithniú ó am go chéile agus is féidir go mbeadh comhairliúchán i gceist chuige sin idir ABP agus an GCC.

1.3 Forálacha Reachtúla Comhairliúcháin

Leagtar amach in Aguisín 1 den doiciméad seo an phríomhreachtaíocht a rialaíonn riachtanais chomhairliúcháin idir ABP agus an GCC. Cuirtear ar fáil sa reachtaíocht na nósanna imeachta trínar féidir leis an dá chomhlacht tuairimí a iarraidh nó a sholáthar ar fhorbairtí nó gníomhaíochtaí.

Áirítear ar Aguisín 1 míniú ar chuid de na forálacha comhairliúcháin (ní ar gach ceann díobh) ar mhaithe le soiléire agus chun comhar leanúnach idir an dá eagraíocht a éascú. Is féidir leis an dá chomhlacht brath ar nósanna imeachta comhairliúcháin eile a chuirtear ar fáil sa reachtaíocht ach nach mínítear in Aguisín 1, faoi mar is cuí.

2. Cuspóir an Mheabhráin Tuisceana

Tá an Meabhrán Tuisceana ceaptha chun comhordú fheidhmeanna reachtúla ABP agus an GCC a éascú go héifeachtach i dtaca le saincheisteanna comhshaoil faoin Acht Pleanála, Acht GCC, Acht BD agus na Rialacháin RDFÚ. Ina theannta sin, cabhróidh sé chun:

- i. cur chuige comhtháite a chur ar fáil i leith saincheisteanna comhshaoil a gceanglaíonn an reachtaíocht ar ABP agus ar an GCC iad a bhreithniú;
- ii. cur chuige iomlánaíoch a éascú i leith MTT faoi mar a éilítear faoin Treoir MTT;
- iii. cur chuige aontaithe a chur ar fáil idir ABP agus an GCC maidir le malartú faisnéise;
- iv. deireadh a chur, áit is féidir, le moilleanna inseachanta i dtaca le seirbhísí a chur ar fáil do gheallsealbhóirí;
- v. seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil don dá eagraíocht;

- vi. deis a thabhairt chun saincheisteanna comhshaoil a bhreithniú agus a réiteach ag céim luath d'iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh bheartaithe d'fhonn iarratais ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil, cinntí tráthúla a dhéanamh agus MTT iomlánaíoch a bhaint amach;
- vii. teagmháil a éascú idir an GCC agus ABP i gcásanna áirithe ó thaobh measúnú a dhéanamh ar a inghlactha atá forbairt bheartaithe ó thaobh suímh;
- viii. teagmháil a éascú idir an GCC agus ABP ó thaobh coinníollacha atá ceaptha chun an comhshaoil a chosaint a chur ag gabháil le toiliú ó ABP i dtaca le gnéithe d'fhorbairt bheartaithe nach gcumhdaítear ag ceadúnas nó ag deimhniú;
- ix. a shoiléiriú go bhfuil an eagraíocht chuí ag déileáil le saincheisteanna ábhartha, lena n-áirítear saincheisteanna beartais dramhaíola;
- x. cur chun feidhme na bhforálacha thuas a éascú trí nósanna imeachta a bhunú idir ABP agus an GCC de réir na riachtanas reachtaíochta; agus
- xi. nósanna imeachta a shoiléiriú agus socruithe teagmhála idir an dá eagraíocht a leagan amach.

3. Bearta Praiticiúla

3.1 Eagar

i. Comhghrúpa Athbhreithnithe

Tionólfar comhchruinnithe de réir mar is gá ach uair sa bhliain ar a laghad. Déanfar oibriú praiticiúil na ngníomhaíochtaí a aontaíodh faoin Mheabhrán Tuisceana seo a athbhreithniú go rialta agus a thabhairt chun dáta faoi mar is gá. Aontófar socruithe le haghaidh na gcruinnithe sin idir Príomhoifigeach ABP agus an Clár bhainisteoir sa Chlár Ceadúnúcháin Comhshaoil in Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil (OES) an GCC nó oifigigh tharmlichte aontaithe.

ii. Teagmháil Oibríochtúil

Is iad an tArd-Oifigeach Riaracháin nó a chomhionann sa rannóg Achomharc agus an tArd-Oifigeach Riaracháin sa rannóg Bonneagair Straitéisigh de ABP agus an Clár bhainisteoir sa Chlár Ceadúnúcháin Comhshaoil den GCC a láimhseoidh teagmháil oibríochtúil idir an GCC agus ABP.

Is é an tArd-Oifigeach Riaracháin cuí in ABP a eiseoidh gach iarratas ar thuairimí agus ar dhearcaí a chuirtear ar aghaidh chuig an GCC agus is é an Clár bhainisteoir sa Chlár Ceadúnúcháin Comhshaoil a cheadóidh gach freagra a dhéanfaidh an GCC. Ní mór gach iarratas ar thuairimí agus ar dhearcaí a chur isteach chuig Clár bhainisteoir an Chláir Cheadúnúcháin Comhshaoil nó chuig an oifigeach nó na hoifigigh tharmlichte chomhaontaithe. Beidh socruithe cómhálartacha coibhéiseacha i bhfeidhm maidir le hiarratais ar dhearcaí agus ar thuairimí ón GCC chuig ABP.

iii. Comhairliúchán Ginearálta

Scaipfidh an GCC gach doiciméad nó leabhrán treorach nó faisnéise ar ABP mar eolas dóibh nó le haghaidh trácht roimh fhoilsiú, i gcás ina mbaineann an treoir agus an fhaisnéis sin le nithe atá cuimsithe laistigh d'fheidhmeanna ginearálta ABP. Is féidir go mbeadh faisnéis ar ullmhú agus ar ábhar RTT, ar phróisis agus ar nósanna imeachta ceadúnúcháin agus Nótaí Treoracha BAT san áireamh sa treoir nó sna leabhráin sin.

Scaipfidh ABP gach doiciméad nó leabhrán ábhartha treorach nó faisnéise ar an GCC mar eolas dóibh nó le haghaidh trácht roimh fhoilsiú, más cuí, i gcás ina mbaineann an treoir agus an fhaisnéis sin le nithe atá cuimsithe i bhfeidhmeanna ginearálta an GCC.

iv. Grúpaí /cruinnithe oibre idir ghníomhaireachtaí

Is féidir go n-aontóidh an GCC agus ABP grúpaí oibre a bhunú, cruinnithe a thionól nó socruithe eile a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar nithe leasa choitinn. Is féidir go scrúdódh grúpaí nó cruinnithe dá sórt nithe teicniúla, dlíthiúla nó riaracháin i gcás ina bhféadfadh comhoibriú deiseanna a chur ar fáil le haghaidh oibríochtaí níos éifeachtúla idir an dá eagraíocht.

Grúpaí oibre nó cruinnithe a bhunófaí ó am go chéile, oibreoidh siad faoi Théarmaí Tagartha a aontóidh an dá eagraíocht.

4. Socruithe ar Leith

4.1 Eolas Ginearálta

Aon iarratas chuig ceachtar comhlacht chun dul isteach i gcomhairliúchán maidir le cásanna lena mbaineann gníomhaíocht incheadúnaithe, déanfar i scríbhinn é faoin alt ábhartha den Acht GCC, Acht BD, Acht Pleanála nó faoi na Rialacháin RDFÚ), mar is cuí, agus, i gcás inarb ábhartha, de réir na bprótacal atá leagtha amach in Aguisín 1.

I gcás ina n-iarrann ABP tuairimí ón GCC maidir le gníomhaíochtaí incheadúnaithe, agus i gcás nach gceanglaítear ar an GCC faoin reacht freagra a thabhairt, agus i gcás nach bhfuarthas aon fhreagra ar iarratas laistigh den tréimhse ama aonaithe, aontaítear gur ceadmhach do ABP leanúint ar aghaidh ar an mbonn nach bhfuil aon tuairim eile le soláthar ag an GCC ar an ábhar. Cuirfear socruithe frithmhalartacha i bhfeidhm maidir le hiarratais a dhéanadh an GCC ar ABP.

Déanfaidh ABP a dhícheall a mhéad ama agus is féidir a thabhairt don GCC chun a thuairimí a chur isteach agus i gcás ar bith iarrfar tuairimí an GCC a luaithe is féidir tar éis an cás a fháil. Beidh feidhm ag socruithe cómhálartacha maidir le hiarratais an GCC ar ABP. Tá na teorannuithe ama aontaithe inar gá don dá chomhlacht freagairt a thabhairt ar iarratais ar chomhairliúchán maidir le gníomhaíochtaí incheadúnaithe leagtha síos in Aguisín 1.

I gcás ina gceanglaítear ar ABP tuairimí an GCC a iarraidh ar aon ábhar atá forordaithe sa reachtaíocht, agus i gcás nach sonraítear tréimhse ama don fhreagra sa reachtaíocht, aontaítear go bhfreagróidh an GCC laistigh de 4 seachtaine. Cuirfear socruithe frithmhalartacha i bhfeidhm maidir le hiarratais a dhéanfadh an GCC ar ABP.

Is féidir go sonróaí in iarratas chuig an GCC ar thuairimí saincheisteanna ar leith a bhfuil tuairimí á lorg ag ABP ina leith. I gcásanna ina bhfaigheann ABP tuairimí ón GCC, is féidir iad a scaipeadh ar na páirtithe uile agus ar rannpháirtithe eile dá dtráchtáí. Is féidir le ABP aon tuairimí a fhaightear de thoradh ábhar a scaipeann ABP a chur ar aghaidh chuig an GCC dá dtuairimí breise. Beidh feidhm ag socruithe cómhalartacha maidir le hiarratais an GCC ar ABP, mar is cuí.

4.2 Achomhairc Phleanála

I gcásanna ina meastar é a bheith cuí, iarrfaidh ABP tuairimí an GCC i gcásanna ina bhfuil gníomhaíocht incheadúnaithe i gceist, ach nár chuir an GCC aon tuairim ar aghaidh chuig an údarás pleanála a dhéileáil leis an iarratas pleanála nó i gcás inar cuireadh ábhar breise ar aghaidh ag céim an achomhairc. I gcásanna inar chuir an GCC tuairimí ar aghaidh chuig an údarás pleanála, féadfaidh ABP faisnéis bhreise agus/nó soiléiriú a lorg maidir leis na tuairimí a fuarthas níos luaithe, i gcásanna ina meastar é sin a bheith cuí.

4.3 Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS)

(i) Comhairliúchán réamhiarratais

I gcás ina dtionóltar comhairliúcháin réamhiarratais faoi FBS, féadfaidh ABP dul i gcomhairle leis an iarratasóir ionchasach agus/nó iarraidh air dul i gcomhairle leis an GCC, má tá gníomhaíocht incheadúnaithe i gceist sa chás. Is é an cuspóir ginearálta leis an GCC a bheith bainteach ag an gcéim seo comhairle a chur ar an iarratasóir ionchasach faoi aon saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear iad siúd atá faoi threoir an GCC, agus iarratas ar chead/cheadú á ullmhú le cur faoi bhráid ABP, lena n-áirítear an RTT. Is é is cuspóir leis sin easnamh san RTT agus moill ag céim an iarratais a sheachaint. Féadfaidh ABP a chur in iúl don iarratasóir ionchasach, leis, nach mór dó/di é a chur in iúl don GCC nuair a dhéantar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh. Déanfaidh ABP amhlaidh i gcás forbairt le haghaidh gníomhaíochta a éilíonn ceadúnas RCT, ceadúnas IE nó ceadúnas Dramhaíola.

(ii) Scóip

Le cois na gcomhairliúchán réamharratais, is féidir go n-iarrfaí ar ABP scóip RTT a bhaineann le FBS beartaithe a mheas. Is é an GCC an comhlacht forordaithe nach mór do ABP dul i gcomhairle leis nuair a bhíonn iarratas dá shórt á dhéanamh. Iarrfaidh ABP tuairimí ón GCC i ngach cás ina mbaineann an 'scóip' le gníomhaíocht incheadúnaithe de chuid an GCC.

(iii) Iarratais FBS

I gcás ina ndéanann iarratasóir iarratas ar FBS chuig ABP, ní mór di/dó cóip den iarratas (agus an RTT ag gabháil leis) a chur ar aghaidh chuig an GCC, má iarrtar é ag an gcéim chomhairliúcháin réamharratais. Beidh fógra ag gabháil leis an gcóip den iarratas, fógra ina dtugtar cuireadh don GCC aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a chur chuig ABP i dtaca le himpleachtaí na forbartha beartaithe maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe agus na héifeachtaí is dócha a bheidh aige ar an timpeallacht. Ní mór aon aighneacht nó tuairim dá sórt a bheith faighte ag ABP laistigh den tréimhse a shonraítear san fhógra (sé seachtaine ar a laghad). Tá an teorainn ama seo riachtanach chun gur féidir le ABP cinntí a chur ar fáil laistigh de 18 seachtain, faoi mar a éilítear sa reachtaíocht.

Le cois an chuiridh ghinearálta thuas d'iarratasóir tuairimí a chur ar fáil don GCC in iarratas ábhartha FBS, féadfaidh ABP, sula gcinneann sé an t-iarratas, tuairimí an GCC a iarraidh dá dheoin féin. Is féidir go mbainfeadh na tuairimí sin le forbairt bheartaithe a chuimsíonn gníomhaíocht a éilíonn ceadúnas RCT, ceadúnas IE nó ceadúnas dramhaíola nó i gcás inar eisíodh ceadúnas/deimhniú nó ina mbeidh ceadúnas/deimhniú riachtanach faoi na Rialacháin RDFÚ [Alt 37F(5)] den Acht Pleanála agus Rialachán 44(1) de na Rialacháin RDFÚ. Ní mór don ABP aird a thabhairt ar na tuairimí atá faighte aige ón GCC.

(iv) Athrú ar FBS

I gcás ina gcuirtear RTT isteach chuig ABP i dtaca le hiarratas chun athrú a dhéanamh ar thogra FBS atá ceadaithe ag ABP cheana féin, agus i gcás ina bhfuil gníomhaíocht incheadúnaithe i gceist, iarrfaidh ABP tuairimí an GCC de réir an phrótacail atá leagtha amach in Aguisín 1.

(v) Cruinnithe FBS

Le cois na n-éisteachtaí ó bhéal, déantar foráil san Acht Pleanála le haghaidh cruinnithe i gcásanna áirithe. Is féidir go mbeadh an GCC bainteach leis, i gcásanna áirithe. Is gá taifead a choimeád d'aon chruinniú dá shórt. Cuirfear an clár oibre d'aon chruinniú dá shórt ar aghaidh chuig an GCC roimh ré.

4.4 Measúnú Tionchair Timpeallachta

I ngach cás ina ndéantar achomharc agus/nó iarratais chuig ABP, i gcás inar cuireadh RTT ar aghaidh agus ina n-éilítear ceadúnas ón GCC, déanfaidh an GCC agus ABP MTT maidir leis an togra de réir Airteagal 3 de Threoir an AE maidir le MTT 2011/92/AE agus leis an reachtaíocht chuí trasuite sa dlí intíre. Gheofar an prótacal le haghaidh comhordú idir na comhlachtaí leagtha amach in Aguisín 1.

4.4.1 Raon Ráiteas Tionchair Timpeallachta a mheas (RTT)

I gcás inar gá do dhuine, d'údarás áitiúil, nó do chomhlacht eile RTT a chur isteach chuig ABP i dtaca le hiarratas chun talamh a fhorbairt, féadfaidh an duine nó an comhlacht sin iarraidh ar ABP scóip an RTT a mheas, is é sin, a thuairim a thabhairt don duine nó don chomhlacht ar cén t-eolas is gá a bheith san RTT.

I gcásanna dá sórt, inar gá ceadúnas ón GCC, iarraidh ABP tuairimí ar an GCC i dtaca leis an fhaisnéis is gá a bheith sa RTT. Cuirfear cóip d'aon aighneacht a fhaightear ón GCC ar aghaidh chuig an iarratasóir i dteannta thuairim scríofa ABP ar an fhaisnéis is gá a bheith sa RTT.

4.4.2 Forbairt bheartaithe nach gá MTT maidir léi

Féadfaidh ABP tuairim a iarraidh ar an GCC má bhíonn ceist ann maidir le cibé an gá RTT a chur isteach maidir le cás atá faoi bhráid ABP inar gá toiliú ceadúnúcháin a fháil. Gheofar an prótacal le haghaidh iarratais dá shórt in Aguisín 1.

4.5 Measúnú Oiriúnachta

Féadfaidh ABP agus an GCC treoirlínte agus nósanna imeachta a aontú chun oibleagáidí faoi Airteagal 42 de Rialacháin (Éin agus Gnáthóga) AE, 2011 (leasaithe) i dtaca le Measúnú Oiriúnachta (MO), a chomhlíonadh, trí ghrúpa oibre, faoi mar a fhoráiltear in Alt 3.1(iv).

4.6 Doirteadh Fuíolluisce

Féadfaidh an GCC agus ABP grúpa oibre a bhunú, mar a fhoráiltear in Alt 3.1 (iv) chun nósanna imeachta a fhorbairt chun comhairliú a éascú, mar a theastódh, idir ABP agus an GCC maidir le doirteadh fuíolluisce dá dteastaíonn Measúnú Tionchair Timpeallachta de réir an Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce (Údarú) (Measúnú Tionchair Timpeallachta) 2016 (I.R. Uimh. 652 de 2016).

4.7 Gníomhaíocht neamh-incheadúnaithe

Uaireanta, féadfaidh cásanna teacht chun cinn ina gcuimsíonn iarratas FBS gníomhaíocht nach gníomhaíocht incheadúnaithe é ach go measann ABP gur

chóir tuairimí an GCC a lorg. Agus tuairimí á lorg i gcásanna dá sórt, sonrúidh ABP na saincheisteanna a bhfuil tuairimí á lorg ina leith.

4.7 Éisteachtaí ó Bhéal

Coimeádfaidh ABP an GCC ar an eolas i dtaobh aon éisteacht ó bhéal a bheartaíonn sé a thionól i gcás inar iarr ABP go díreach ar an GCC a thuairimí a chur ar fáil. Beidh feidhm ag socruithe cómhalartacha i gcás ina mbeartaíonn an GCC éisteacht ó bhéal a thionól, mar is cuí. I gcásanna áirithe, féadfaidh ABP iarraidh ar oifigeach de chuid an GCC freastal ar éisteacht ó bhéal, agus más cuí, faisnéis a chur ar fáil. (Is féidir é sin a iarraidh gan dochar do chumhacht ABP, faoi alt 135 den Acht Pleanáls, ceangal a chur ar dhuine ar bith freastal ar éisteacht ó bhéal agus faisnéis srl. a chur ar fáil).

4.8 Cinntí a Chur in Iúl

Cuirfidh ABP in iúl don GCC cinntí a dhéantar i gcásanna inar iarr ABP a thuairimí ar an GCC nó ina raibh an GCC bainteach go díreach le ABP sa chás, ar shlí éigin eile. Beidh socruithe cómhalartacha i bhfeidhm i gcás cinntí ábhartha a dhéanann an GCC.

5. Treoirínte maidir le Tuairimí a Iarraidh

Eiseoidh ABP treoirínte dá fhoireann ina sonrúfar na saincheisteanna ginearálta ar féidir iarraidh ar an GCC díriú orthu, agus tuairimí á n-iarraidh air. Ba chóir go mbeadh iarratas ar bith ón ABP faoin gceannteideal seo soiléir faoin bhfaisnéis nó faoi na tuairimí atá á iarraidh.

Ní gnách iarratais nó aighneachtaí maidir le hachomhairc chomhairliúcháin ó pháirtí nó ó bhreathnóir a chur chuig an GCC dá dtuairimí ach amháin i gcásanna ina mbaineann an t-ábhar i dtrácht go díreach le tuairimí a fuarthas níos luaithe.

Déanfar freagraí ar iarratais chomhairliúcháin idir an dá chomhlacht de réir an phrótacail atá leagtha amach in Aguisín 1, a mhéad is féidir. De réir na bhforálacha reachtúla, ní dhéanfaidh tuairimí a chuireann an GCC ar fáil, lena n-áirítear tuairimí i dtaca le RTT a cuireadh isteach, dochar d'aon cheann d'fheidhmeanna an GCC faoin Acht GCC, faoin Acht BD nó na Rialacháin RDFÚ.

Eiseoidh an GCC treoirínte dá fhoireann ina sonrúfar na nósanna imeachta agus na teorannuithe ama chun freagra a thabhairt ar iarratais ar fhaisnéis/ar aighneachtaí ó ABP. Ina theannta sin, eiseoidh an GCC treoirínte dá fhoireann ina sonrúfar na saincheisteanna ginearálta ar féidir iarraidh ar ABP díriú orthu, agus tuairimí á n-iarraidh air. Iarratas ar bith a dhéanann an GCC chuig ABP, ní mór dó a bheith soiléir faoin bhfaisnéis nó faoi na tuairimí atá á n-iarraidh.

6. Rúndacht

Beidh an dá pháirtí san MT seo faoi cheangal ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus ag na riachtanais rúndachta ina reachtaíocht rialaithe féin.

Ní sháróidh an MT seo dualgais ná cumhachtaí reachtúla na n-údarás inniúil aonair agus is léiriú é ar chomhaontú seachas gealltanais dlíthiúil.

7. Tréimhse Athbhreithnithe an MT

Athbhreithneoidh na húdaráis inniúla téarma agus oibriú an MT seo gach trí bliana ar a laghad.

Aguisín 1

Comhairliúchán agus Tuairimí

Réamhrá

Leagtar amach san Aguisín seo nósanna imeachta aontaithe comhairliúcháin inar údaráis inniúla iad ABP agus an GCC le haghaidh MTT.

Seo a leanas na forálacha reachtacha atá i bhfeidhm:

- An tAcht fán Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil 1992 (leasaithe)
- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (leasaithe)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe)
- Na Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 (leasaithe)
- IR 282 de Rialacháin (MTT) (CRCT) an Aontais Eorpaigh de 2012
- IR 283 de Rialacháin (MTT) (DRAMHÁIL) an Aontais Eorpaigh de 2012
- IR 457 de Rialacháin (MTT) (CRCT) (Uimh. 2) an Aontais Eorpaigh de 2012
- IR 505 de Rialacháin (MTT) (Dramhaíl) an Aontais Eorpaigh de 2013

Cuimsítear i Roinn A (thíos) comhairliúcháin agus tuairimí i dtaca le forbairtí a éilíonn ceadúnas RCT, ceadúnas IE nó ceadúnas Dramhaíola (nó athbhreithniú ar cheadúnas) faoin Acht GCC nó faoin Acht BD, faoi seach. Cuimsítear i Roinn B comhairliúcháin agus tuairimí a éilítear faoi na Rialacháin RDFÚ.

A. Ceadúnais um Rialú Comhtháite ar Thruailliú (RCT), ceadúnais faoin Treoir um Astaíochtaí Tionscail (AT) agus Ceadúnais Dramhaíola

1. Baineann an roinn seo le forbairt MTT a éilíonn deonú ceada ón ABPⁱ agus Ceadúnas RCT, AT nó Dramhaíola (nó athbhreithniú ar cheadúnas) ón GCCⁱⁱ. Díritear ann ar na cnámha scéil seo a leanas:

1.1 Iarratais chuig an GCC ar cheadúnas i gcás inar gá RTT agus go bhfuil iarratas ar chead faoi bhreithniú faoi láthair ag ABP (ag éirí as A.87(1D) den Acht GCC agus A.42(1D) den Acht BD.

1.2 Iarratais chuig an GCC ar cheadúnas i gcás inar gá RTT agus inar dheonaigh ABP cead (ag éirí as A.87(1E) den Acht GCC, A.42(1E) den Acht BD agus A.173A agus A.173B den Acht Pleanála.

1.3 Iarratais chuig an GCC ar cheadúnas, a cuireadh isteach roimh an 30 Meán Fómhair 2012 i gcás gur cuireadh RTT isteach (a) in éineacht leis an iarratas ar cheadúnas nó (b) mar fhreagra ar iarratas a d'eisigh an CGG (ag éirí as A.87(1I) den Acht GCC / A.42(1I) den Acht BD.

1.4 Iarratais chuig ABP ar chead a éilíonn ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas agus a bhfuil RTT ag gabháil leo (ag éirí as A.87(1F) den Acht GCC agus A.42(1F) den Acht BD).

1.5 Cinneadh MTT: Iarratais chuig ABP a éilíonn ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas agus nach bhfuil RTT ag gabháil leo ach atá ina bhforbairt fo-thairsí (ag éirí as A.87(1F) den Acht GCC (leasaithe) agus A.42(1G)(b) den Acht BD agus A.173A(5) agus A.173(B) den Acht Pleanála.

2. *Iarratais chuig an GCC ar cheadúnas i gcás inar gá RTT agus ina bhfuil iarratas ar chead faoi bhreithniú faoi láthair ag ABP.*

Tá dualgas ar an GCC é a chur in iúl do ABP go bhfuil iarratas faighte aige agus tuairimí ginearálta a iarraidh laistigh de 2 sheachtain den iarratas a fháil. Aontaíodh go dtabharfaidh ABP freagra laistigh de 4 seachtaine.

3. *Iarratais chuig an GCC ar cheadúnas i gcás inar gá RTT agus ina bhfuil iarratas ar chead deonaithe ag ABP.*

Tá dualgas ar an GCC é a chur in iúl do ABP go bhfuil iarratas faighte aige agus tuairimí ginearálta a iarraidh laistigh de 2 sheachtain den iarratas a fháil. Aontaíodh go dtabharfaidh ABP freagra laistigh de 4 seachtaine:

- (a) agus a rá cibé an gceadaítear leis an deonú ceada an ghníomhaíocht lena mbaineann an t-iarratas ar cheadúnas
- (b) gach doiciméad a bhaineann leis an MTT a rinne ABP a chur ar fáil

- (c) tuairimí ginearálta ABP maidir leis an iarratas ar cheadúnas a leagan amach.

4. *Iarratais 'ar láimh' chuig an GCC ar cheadúnas (.i. a cuireadh isteach roimh an 30 Meán Fómhair 2012) i gcás inar cuireadh RTT isteach.*

Aontaítear idir na comhlachtaí go mbeidh feidhm leis an méid seo a leanas i gcásanna ina bhfuil an t-iarratas ar chead cinnte ag an mBord, nó faoi bhreithniú an Bhoird, nó i gcásanna inar iarratas é nár mhór a dhéanamh díreach chuig an mBord:

Cuirfidh an GCC é in iúl do ABP go bhfuil iarratas faighte aige agus iarrfaidh sé tuairimí ginearálta i dtaca leis an iarratas ar cheadúnas, agus leis an RTT. I gcás inar iarr an GCC an RTT faoi A.87(1)(b) den Acht GCC / A.42(1)(b) den Acht BD, aontaíodh go seolfar fógra laistigh de 2 sheachtain den RTT a bheith faighte. Aontaítear go dtabharfaidh ABP freagra laistigh de 4 seachtaine.

5. *Iarratais chuig ABP ar chead a éilíonn ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas agus a bhfuil RTT ag gabháil leis.*

Cuirfidh ABP é in iúl don GCC go bhfuil iarratas faighte aige agus iarrfar tuairimí ginearálta i dtaca leis an RTT, a mhéid a bhaineann sé leis an ngníomhaíocht atá le ceadúnú. Féadfaidh ABP na nithe seo a leanas a dhéanamh, leis:

- deimhniú a iarraidh cibé an gá ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas; agus
- más gá, iarrfar tuairimí ginearálta an GCC ar nithe ar leith i dtaca leis an RTT, a mhéid a bhaineann sé leis an ngníomhaíocht atá le ceadúnú.

Aontaítear go dtabharfaidh an GCC freagra laistigh de 4 seachtaine. Ba chóir deimhniú a bheith san áireamh sa fhreagra, maidir le cibé an gá ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas.

I gcás ina gcuirtear faisnéis bhreise ar fáil do ABP le linn éisteacht ó bhéal, nó tar éis iarratas ó ABP, a mheasann ABP atá ábhartha maidir leis an ngníomhaíocht atá le ceadúnú, ba chóir é a chur ar fáil don GCC a luaithe is féidir dá dtuairimí. Aontaítear go dtabharfaidh an GCC freagra laistigh de 3 seachtaine.

6. *Iarratais chuig ABP ar chead a éilíonn ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas agus nach bhfuil RTT ag gabháil leo (Forbairt Fo-Thairsí).*

Maidir leis ABP:

- (a) i gcás ina bhfaigheann sé iarratas ar chead a éilíonn ceadúnas agus ar forbairt fho-thairsí é le haghaidh MTT (in aicme forbartha

atá forordaithe sna Rialacháin ach nach sáraíonn an méid, an t-achar ná an teorainn atá tugtha), agus

- (b) i gcás inar gá dó cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil gá le MTT, agus
- (c) i gcás inarb é a thuairim roimh ré nach gá MTT,

cuirfidh sé é sin in iúl don GCC agus iarrfar tuairimí an GCC ar nithe laistigh d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta, i dtaca leis an gcinneadh. Aontaítear go dtabharfaidh an GCC freagra laistigh de 3 seachtaine.

7. *I gcás ina bhfuil iarratas ar chead á bhreithniú ag ABP agus go n-iarrann an t-iarratasóir air a dheimhniú i scríbhinn go n-éilítear ceadúnas maidir leis an bhforbairt bheartaithe.*

Féadfaidh ABP deimhniú a iarraidh ar an GCC cibé an gá ceadúnas nó athbhreithniú ar cheadúnas. Aontaítear go dtabharfaidh an GCC freagra laistigh de 4 seachtaine.

8. Comhlíonfar aon iarratas ó cheachtar comhlacht dul isteach i gcomhairliúcháin maidir le haon tionchar a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an timpeallacht. Meastar nach dtarlóidh comhairliúcháin dá sórt ach i gcásanna eisceachtúla agus go mbainfidh siad le ní sonracha nó le nithe sonracha. De ghnáth is comhfhreagras scríofa nó cruinniú miontuairiscithe a bheidh i gceist leis an gcomhairliúchán. Is é 3 seachtaine an teorainn ama aontaithe chun freagra a thabhairt.

B. Doirteadh Fuíolluisce

1. Cuimsítear sa roinn seo comhairliúcháin agus tuairimí a éilítear faoi Rialachán 44(1) de Rialacháin WWDA.
2. I gcásanna ina bhfuil feidhm le Rialacháin 41, 42 nó 43 de na Rialacháin réamhráiteⁱⁱⁱ, agus i gcásanna ina measann ABP gur dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar dhoirteadh fuíolluisce, iarrfaidh sé ar an GCC tuairimí a thabhairt i dtaca lena mheasúnú ar an éifeacht is dócha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar dhoirteadh fuíolluisce. Ní mór don GCC aon iarratas dá shórt a chomhlíonadh. Is é 4 seachtaine an teorainn ama aontaithe chun freagra a thabhairt.
3. Is cineál áirithe comhairliúcháin é seo agus ba chóir do ABP tagairt a dhéanamh dó sin agus tuairimí á iarraidh. Níor chóir iarratais ar thuairimí i dtaca le nithe lasmuigh de na paraiméadair seo (m.sh. Measúnú Cuí) a lorg faoi Rialachán 44(1).

4. Aontaítear gur chóir go mbainfeadh nádúr agus scóip na dtuairimí a iarrann ABP le ceisteanna nach féidir a fhreagairt leis an fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an GCC, go háirithe Tuairisc an Chigire ábhartha.

Seo é téacs an Mheabhráin Tuisceana a shínigh na páirtithe ann; ní cóip é den doiciméad bunaidh sínithe.

ⁱ Ciallaíonn iarratas ar chead iarratais faoi na hailt seo a leanas den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000:

- A.37 Achomharc & FBS
- A.175 Forbairt a dhéanann údaráis áitiúla nó a dhéantar ar a shon agus a éilíonn MTT
- A.177E Toiliú Ionaid
- A.177AE Forbairt a dhéanann údaráis áitiúla nó a dhéantar ar a shon agus a éilíonn Measúnú Oiriúnachta
- A.181A Forbairt a dhéanann údaráis stáit nó a dhéantar ar a shon agus a éilíonn MTT
- S182A Línte Tarchuir Leictreachais
- S182C Bonneagar Gáis
- S.226 Forbairt a dhéanann údaráis áitiúla nó a dhéantar ar a shon ar an urthrá.

Ní áirítear ar an sainmhíniú ar "iarratas ar chead" iarratais ar athrú ar chead, ar cheadú nó ábhar eile dheonaítear faoi Acht 2000 (lena n-áirítear mionathrú ar chead FBS) faoi A.146B den Acht. Aontaítear gurb ionann iarratas a dhéanamh faoi A.146B den Acht agus iarratas ar chead le haghaidh na bhforálacha atá leagtha amach anseo.

ⁱⁱ Ciallaíonn iarratas ar chead iarratas a dhéantar chuig an nGníomhaireacht i dtaca le haon cheann díobh seo a leanas:

- (a) ceadúnas dramhaíola faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (leasaithe)
- (b) athbhreithniú ar cheadúnas dramhaíola faoi Alt 46 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (leasaithe)
- (c) ceadúnas RCT nó AT faoi Alt 83 den Acht GCC 1992 (leasaithe)
- (d) athbhreithniú ar cheadúnas RCT nó AT faoi Alt 90(1)(b) den Acht GCC 1992 (leasaithe)

ⁱⁱⁱ Cuir san áireamh nach gclúdaítear faoi na Rialacháin um Dhoirteadh Fuíolluisce iarratais chuig ABP faoi Alt 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) (.i. Measúnú Oiriúnachta).